
Foilsithe in The National Collection of Children's Books: https://nccb.tcd.ie/exhibit/k643b130g. Cóip an Údair.




# Ó Chrann go Crann

**Caitríona Hastings (údar) agus Andrew Whitson (léaráidí),**
**An tSnáthaid Mhór, 2011.**

**(Léirmheas le Marie Whelton)**

Whelton, M. '*Ó Chrann go Crann* (Hastings & Whitson): Léirmheas.' Foilsithe in *The National Collection of Children's Books: Data Base*, 2015: https://nccb.tcd.ie/exhibit/k643b130g

Pacáiste de phictiúrleabhar agus de dhlúthdhiosca is ea Ó Chrann go Crann. Ó thaobh ábhair de, is scéal é faoi chailín óg, Nia, atá ag bogadh óna saol faoin tuath go dtí saol úr sa chathair. Tá jab nua faighte ag a hathair agus tá gach rud pacáilte ag an gclann. Fágann Nia slán le húinéir an tsiopa áitiúil, lena cairde go léir ar scoil agus lena comharsana béal dorais. Mothaíonn sí an-bhrónach inti féin. Fágann sí slán, freisin, lena cairde speisialta – na préacháin a eitlíonn ó chrann go crann sa ghairdín agus a dhéanann cumarsáid lena chéile agus le Nia. Ceapann sí go bhfuil trua acu di. Nuair a shroicheann sí an chathair tá uaigneas ar Nia ach suíonn sí ag bun an ghairdín agus cuireann préacháin na cathrach fáilte roimpi. Déanann na préacháin comhbhá léi toisc go bhfuil teachtaireacht faighte acu ó phréacháin a seanghairdín, teachtaireacht a tháinig trí chóras cumarsáide speisialta na bpréachán. Socraíonn sí

Foilsithe in The National Collection of Children's Books: https://nccb.tcd.ie/exhibit/k643b130g. Cóip an Údair.

síos sa chathair ar deireadh agus is léir gur mór an chabhair iad na préacháin di agus í ag iarraidh dul i ngleic le hathruithe móra an tsaoil. Tríd an scéal síos, ligeann na héin di guth a thabhairt dá cuid mothúchán agus tugann siad le fios di go bhfuil rudaí áirithe ann nach n-athraíonn agus a fhanann buan. Ó thaobh stíle de, tá go leor de dhea-thréithe litríocht na n-óg le sonrú air – tá ról lárnach agus tréadach ag an nádúr sa scéal, mar shampla, agus tá áit speisialta ag an uimhir a trí ann, mar a bhíonn sna scéalta traidisiúnta is fearr. Cuireann an leabhar go mór, freisin, le stór focal na léitheoirí óga – feic, mar shampla, ainmneacha na gcrann go léir atá luaite – crann cnó capaill, crann iúir, crann darach, crann caorthainn agus crann seiceamair. Bainfidh páistí óga an-spraoi as na pictiúir ghleoite go léir sa leabhar. Tá na pictiúir tarraingthe ó dhearcadh an pháiste. In éineacht leis an leabhar, tá DVD ar a léitear an scéal, ar a gcuirtear fotheidil dhátheangacha ar fáil, ar a bhfuil maisíochtaí fuaime iontacha agus ar a mbaintear sár-úsáid as guthanna páistí chun dánta atá bunaithe ar an scéal a léamh.